Fiosrú | Oifig an Ombudsman Póilíneachta | Office of the Police Ombudsman

# Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí

## 1. Ainm na Seirbhíse

Is é ainm na seirbhíse seo ná Oifig an Ombudsman Póilíneachta nó Fiosrú. Ar mhaithe le héascaíocht tagartha is é Fiosrú a thugtar de ghnáth air.

## 2. Ráiteas maidir le cumhdach leanaí

Leagtar amach i Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí Fhiosrú na seirbhísí a chuirimid ar fail agus na prionsabail agus na nósanna imeachta atá lena gcomhlíonadh chun a chinntiú, sa mhéid gur féidir é, nach mbíonn leanbh a bhaineann leas as an tseirbhís againn i mbaol dochair ar bith. Tá measúnú ar an riosca dochair do leanbh a bhíonn ag baint leasa as ár seirbhís curtha san áireamh againn agus sainímid na nósanna imeachta atá ar bun chun rioscaí sainaitheanta ar bith a bhainistiú. Tá feidhm ag an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí inár láithreacha oifige ar fad (Baile Átha Cliath, Corcaigh, An Longfort).

## 3. An cineál seirbhíse a sholáthraítear

Tá sé de dhualgas ar Fhiosrú gearáin a bhaineann le hiompraíocht an Gharda a ghlacadh agus a iniúchadh. San Acht um Chúram Leanaí, 1991 sainmhínítear "leanbh" mar "duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois seachas duine atá pósta nó a bhí pósta." Féadann leanaí d'aois idir 16 agus 18 mbliana gearáin ar a son féin. Féadann duine údaraithe, de leithéid tuismitheora nó caomhnóra, gearán a dhéanamh thar a c(h)ionn. I gcás leanaí d'aois faoi bhun 16 bliana, teastaíonn toiliú an tuismitheora nó an chaomhnóra. I gcás leanaí i gcúram, d'aois faoi bhun 16 bliana, iarrfar eolas ó Thusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, maidir le toiliú, áit is cuí.

Féadann leanaí freastal ar oifigí Fhiosrú, ach coinne a dhéanamh, chun a ngearáin a thabhairt ó bhéal do bhall den fhoireann.

Tá daoine foirne ag Fiosrú atá oilte mar agallóirí speisialaithe agus a mbaintear feidhm astu chun ráitis a ghlacadh nó cuntais arna dtaifeadadh ar fhíseáin a fháil, ó íospartaigh gur leanaí iad, nó ó fhinnéithe. I gcásanna áirithe, féadann Fiosrú socruithe a dhéanamh chun go mbeidh agallóirí speisialaithe de chuid an Gharda ag glacadh an ráitis ar ár gcionn. Má dhéanann leanbh gearán gur ionsaigh Garda é/í, glacfaidh Fiosrú fótagraf de na gortuithe. Ó am go ham áiseoidh Fiosrú mic léinn na hidirbhliana.

## 4. Prionsabail lena gcumhdaítear leanaí ó dhochar

Luaitear thíos na prionsabail agus na nósanna imeachta gur ceart iad a chomhlíonadh chun a chinntiú, sa mhéid gur feidir é, nach mbíonn leanbh a bhaineann leas as an tseirbhís againn i mbaol dochair ar bith.

- Tá gach duine den fhoireann grinnfhiosraithe ag an nGarda
- Beidh oiliúint ar líne Thusla sa chumhdach leanaí curtha ar gach duine foirne mar íoschaighdeán.
- Tuairisceofar cúiseanna imní faoi chumhdach nó leas leanaí go tráthúil do Thusla.
- Maidir le leanbh ar bith a mbeidh teagmháil dhíreach aige nó aici le Fiosrú e.g. i gcomhair cruinnithe nó chun ráiteas a thógáil, áit a mbeidh sé seo indéanta ó thaobh na hoibríochta de, buailfidh beirt den fhoireann leis an leanbh sin, duine díobh den inscne chéanna leis an leanbh. Mura féidir seo, déanfar na fáthanna leis sin agus an cinneadh maidir leis an gcaoi le gabháil ar aghaidh a dhoiciméadú.
- Más rud é go dtagann leanbh gan chuideachta chuig oifigí Fhiosrú chun gearán a dhéanamh, iarrfar ar an leanbh an t-eolas is gá chun a chinneadh an féidir le Fiosrú an gearán a iniúchadh, ach ní chuirfear agallamh ar an leanbh.
- Socróidh Fiosrú go mbeidh aosach oiriúnach i gcuideachta linbh ar bith atá ag tabhairt ráitis nó a bhfuil agallamh á chur air nó uirthi. Is aosach oiriúnach duine gur ar mhaithe le sábháilteacht, leas agus cosaint an linbh amháin atá sé nó sí. Cloífidh Fiosrú leis an gcaighdeán ceart, tacaíochtaí agus cosaintí a mbíonn linbh a ndearnadh coireanna ina n-aghaidh ag súil leo. Sa mhéid gur féidir é, leathnóidh Fiosrú na cearta, tacaíochtaí agus cosaintí seo chuig linbh gur gearáin de chineál araíonachta atá acu.
- Cuirfidh Fiosrú leasa an linbh san áireamh i gcinntí a bhaineann leo.
- Éistfear le leanaí agus cuirfear a dtuairimí san áireamh i gcinntí a bhaineann leo, de réir a n-aoise agus a dtuisceana.

- Déanfaidh Fiosrú ionchais na leanaí maidir leis an toradh a bheidh ar an ngearán a bhainistiú trí chumarsáid a dhéanamh leo i mbealach a oireann dá riachtanais.
- Tionlacfar i gcónaí daoine óga a bheidh ag obair le Fiosrú ar shocrúcháin nó tionscadail idirbhliana.

## 5. Measúnú Riosca

Tá measúnú ar an bhféidearthacht go ndéanfaí dochar do leanbh atá ag baint leasa as ár seirbhísí déanta ag Fiosrú. Tá liosta thíos de na hachair riosca a sainaithníodh agus de na nósanna imeachta chun na rioscaí seo a bhainistiú.

| Riosca | Freagairt |
|---|---|
| Neamh-chomhlíonadh an bheartais agus na dtreoirlínte do chumhdach Leanaí | Tá oiliúint suas chun dáta maidir le beartas agus treoirlínte seachadta don fhoireann chuí |
| Riosca do dhaltaí scoile ar a n-áirítear mic léinn idirbhliana atá ag fáil taithí oibre inár n-oifigí | Cloífear leis an mbeartas maidir le cumhdach Leanaí |
| Moill ar atreoruithe a dhéanamh do Thusla | Sainaithneofar gach lá ó thuairiscí inmheánacha agus foláirimh inmheánacha cásanna ina bhféadfadh atreoruithe bheith ag teastáil. Déantar atreoruithe práinneacha de réir an cháis. |
| Gearáin bheith faighte maidir le mí-usáid líomhnaithe leanaí áit gur ball den Gharda Síochána déantóir líomhnaithe na coire | Cinntear láithreach inghlacthacht gearán agus ansin bíonn atreorú chuig Tusla |


## 6. Nósanna imeachta

Forbraíodh Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí Fhiosrú i gcomhréir le ceanglais faoin Acht um Leanaí ar dtús 2015, treoir náisiúnta Leanaí ar dTús, agus Cumhdach Leanaí Thusla: treoir do bheartas, nósanna imeachta agus cleachtas. I dteannta leis na nósanna imeachta arna liostú ar ár measúnú riosca tá na nósanna imeachta seo a leanas ina dtaca lenár dtiomantas leanaí a chumhdach nuair a bhíonn siad ag baint leasa as ár seirbhís:

- Nósanna imeachta do bhainistiú líomhaintí mí-úsáide nó mí-iompair in aghaidh oibrithe nó oibrithe deonacha ó leanbh atá ag baint leasa as ár seirbhís
- Nósanna imeachta ar mhaithe le hearcú agus roghnú sábháilte oibrithe agus oibrithe deonacha chun bheith ag obair le leanaí
- Nósanna imeachta ar mhaithe le soláthar rochtana ar oiliúint agus eolas maidir le cumhdach leanaí, ar a n-áirítear sainaithint go bhfuil dochar tarlaithe
- Nósanna imeachta ar mhaithe le tuairisciú cúiseanna imní maidir le cosaint agus leas leanaí do Thusla
- Nósanna imeachta ar mhaithe le liosta de dhaoine sainordaithe a choinneáil
- Nósanna imeachta ar mhaithe le duine iomchuí a bheith ainmnithe againn i gcomhréir leis an Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2015.

## 7. Feidhmiú agus Athbhreithniú

Aithníonn Fiosrú gur próiseas leanúnach é an feidhmiú. Tá ár seirbhísí tiomanta don ráiteas seo maidir le cumhdach Leanaí a fheidhmiú agus do na nósanna imeachta atá mar thaca lenár dtiomantas leanaí a chumhdach nuair a bhíonn siad ag baint leasa as ár seirbhís. Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas seo maidir le Cumhdach Leanaí a luaithe is féidir tar éis d'athrú ábhartha ar bith bheith tagtha ar ní ar bith dár thagair an ráiteas.

Síniú : 

Fiosrú, 150 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1, D01FT73. Teileafón 018716727; Glao áitiúil 1890600800

I gcás ceisteanna déan teagmháil le do thoil le: